

FOIRM IARRATAIS D'IONTRÁIL - 2024/2025

Is foirm iarratais d'iontráil é seo agus ní hionann sin agus tairiscint ar áit, bíodh sin intuigthe nó ná bíodh. Ní hionann go bhfuiltear ag úsáid an fhocail 'Dalta' san Fhoirm Iarratais agus go bhfuil glactha leis an té go bhfuiltear ag déanamh iarratas thar a c(h)eann mar dhalta i gColáiste Ailigh.

Glacfar le hiarratais chomhlánaithe ó:

11 Deireadh Fómhair 2023

Is é an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais ná:

08 Samhain 2023

Ba chóir Foirmeacha Iarratais ar fad agus cáipéisíocht atá ag gabháil leo a sheoladh chuig:

D'úsáid oifige amháin

Coláiste Ailigh,
Cnoc na Móna,
Leitir Ceanainn,
Co Dhún na nGall,
F92 N2HE

Dáta a bhfuarthas:

____/____/____

Stampa na Scoile:

Cur tic leis an bhliainghrúpa ar a bhfuil an dalta ag déanamh iarratais:

An Chéad Bhliain

An Tríú Bliain

An Cúigiú Bliain

An Dara Bliain

An Idirbhliain

An Séú Bliain

Úsáid BLOCLITREACHA agus na codanna ar fad sa bhfoirm iarratais á gcomhlánú

Cuid 1 - SONRAÍ DALTA IONCHASACH

Sonraí an duine óig ar a bhfuiltear ag déanamh an iarratais seo thar a c(h)eann.

Céadainm:

Dara hainm:

Sloinne:

Seoladh an Dalta:

Éirchód:	
UPSP:	

Cuid 2 - SONRAÍ TUISMITHEORA/CAOMHNÓRA		
<p><i>Ní gá an chuid seo a chomhlánú sa chás go bhfuil an dalta os cionn 18, sin mura bhfuil sé/sí ag iarraidh go ndéanfaidh an scoil cumarsáid lena t(h)uismitheoir/c(h)aomhnóir maidir leis an iarratas seo seachas leis an dalta féin. Tá an fhaisnéis á lorg chun críocha teagmháil a dhéanamh maidir leis an iarratas seo. Sa chás go dtugtar dhá ainm ach go bhfuil an seoladh céanna i gceist, ní eiseofar ach litir amháin agus beidh ainm na beirte ar an litir sin.</i></p>		
	Tuismitheoir / Caomhnóir1	Tuismitheoir / Caomhnóir2
Réimír: (e.g. Uasal / Uasal / Bean Uí etc.)		
Céadainm:		
Sloinne:		
Seoladh:		
Éirchód:		
Uimh. Gutháin		
Seoladh Ríomhphoist:		
Gaol leis an dalta:		

CUID 3 - CÓD IOMPAIR NA nDALTAÍ

Deimhnigh, mar thuismitheoir/caomhnóir, go nglacann tú le Cód Iompair na nDaltaí agus go ndéanfaidh tú gach iarracht réasúnta lena chinntiú go gcloífidh an dalta leis an chód má éiríonn leis/léi áit a fháil sa scoil. Tabhair ar aird gur féidir an Cód Iompair a fháil ar www.colaisteailigh.ie nó ó oifig na scoile.

Deimhnímse _____, mar thuismitheoir/caomhnóir an dalta, go nglacaim le Cód Iompair na nDaltaí agus go ndéanfaidh mé gach iarracht réasúnta lena chinntiú go gcloífidh an dalta leis an chód má éiríonn leis/léi áit a fháil sa scoil.

CUID 4 - CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN D'IARRATAS SA CHÁS GO BHFUIL RÓ-IARRATAS I gCEIST

Cuideoidh an fhaisnéis seo lena chinntiú cé acu an sásaíonn an dalta riachtanais iontrála de réir ord tosaíochta mar atá leagtha amach san alt mar atá infheidhme i gCuid B de Pholasáí Iontrála Coláiste Ailigh nó mura sásaíonn.

A. Má tá siblíní leis an dalta sa scoil faoi láthair, tabhair a n-ainmneacha agus an bhliain ina bhfuil siad faoi láthair

(i) Ainm:	
Bliain:	
(ii) Ainm:	
Bliain:	
(iii) Ainm:	
Bliain:	
(iv) Ainm:	
Bliain:	

B. Má bhí siblíní leis an dalta sa scoil roimhe seo, tabhair a n-ainmneacha agus na blianta a d'fhreastail siad ar an scoil

(i) Ainm:	
-----------	--

Bliain(Blianta):	
(ii) Ainm:	
Bliain(Blianta):	

C. Má bhí tuismitheoir(i) nó seantuismitheoir(i) leis an dalta sa scoil roimhe seo, tabhair a (h)ainm(ainmneacha) agus na blianta a d'fhreastail siad ar an scoil	
(iii) Ainm:	
Bliain(Blianta):	
(iv) Ainm:	
Bliain(Blianta):	

D. Tabhair sonraí maidir leis an Bhunscoil a d'fhreastail an dalta uirthi	
Ainm na scoile:	
Seoladh na scoile:	

EOLAS TÁBHACHTACH:

- Glactar leis an fhaisnéis ar fad a chuir tú ar fáil sa bhfoirm iarratais seo de mheon macánta. Má fhaightear amach go bhfuil aon chuid den fhaisnéis míchruinn, míthreorach nó neamhiomlán, d'fhéadfadh an t-iarratas a bheith neamhbhailí mar thoradh air sin.
- Tuig le do thoil gur ortsa atá an fhreagracht an scoil a chur ar an eolas maidir le haon athrú a thagann ar fhaisnéis teagmhála nó maidir le haon athrú ar chúinsí a bhainfeadh leis an iarratas seo.
- Chun eolas a fháil maidir le mar a dhéanann an scoil agus BOO Dhún na nGall do chuid sonraí a phróiseáil, féach an chéad leathanach eile.
- Síniú thíos chun a léiriú go bhfuil an t-eolas seo léite agat agus go dtuigeann tú é.

***Nóta:** Sa chás go n-éiríonn leis an dalta áit a fháil i gColáiste Ailigh, níl aon ghealltanais ann go sannfar rogha ábhar roghnaithe an dalta air/uirthi de bharr saincheisteanna acmhainne agus/nó srianta maidir le líon na ndaltaí in aghaidh an ranga.*

(Tuismitheoir / Caomhnóir 1)

(Dáta)

(Tuismitheoir / Caomhnóir 2)

(Dáta)

(Dalta[sa chás go bhfuil os cionn 18])

(Dáta)

ÚSÁID OIFIGE AMHÁIN

Dáta a bhfuair an t-iarratas:

Seiceáilte ag:

Dáta a cuireadh i mBunachar Sonraí na Scoile é:

Curtha isteach ag:

COSAINT SONRAÍ

Is coiste de BOO Dhún na nGall Ard Uí Dhomhnaill, Leitir Ceanainn, Co Dhún na nGall Bord Bainistíochta Coláiste Ailigh agus is rialtóir sonraí é faoi na Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus faoin Acht um Chosaint Sonraí 1988 - 2018. Is é an tOifigeach Cosanta Sonraí do BOO Dhún na nGall gur féidir leat teagmháil a dhéanamh leis ag Ard Uí Dhomhnaill, Leitir Ceanainn, Co Dhún na nGall F92 DP98.

Tá na sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil ar an Fhoirm Iarratais seo de dhíth chun críocha:

- Sainiúlacht agus dáta breithe a fhíorú;
- Measúnacht agus critéir iontrála a fhíorú;
- Múinteoirí agus acmhainní a leithdháileadh ar an scoil; agus
- riaracháin na Scoile,

ar tascanna iad ar fad de bhun dualgais reachtúla éagsúla atá BOO Dhún na nGall faoi réir.

Má chliseann ort faisnéis den chineál sin a chur ar fáil d'fhéadfadh an t-iarratas a bheith neamhbhailí mar thoradh air sin agus d'fhéadfaí nach ndéanfaí áit a thairiscint.

Is féidir na sonraí pearsanta a thugtar sa bhFoirm Iarratais seo a chur in iúl go himheánach laistigh de BOO Dhún na nGall chun críocha infheidhmeachta na gcritéar roghnúcháin a chinntiú agus d'fhéadfaí sin a dhéanamh leis an bpátrún nó le bord bainistíochta scoileanna eile, agus/nó an Roinn Oideachais, chun iontráil éifeachtúil daltaí a éascú, de bhun alt 66(6) den Acht Oideachais 1998 arna chur isteach le halt 9 den Acht Oideachais (Ligean isteach i Scoileanna) 2018. Féadfar é a roinnt freisin le Seirbhísí Tacaíochta Oideachais Tusla chun cabhrú leis an scoláire le deiseanna oideachais agus oiliúna, de réir alt 28 den Acht Oideachais (Leas) 2000.

Coinneofar na sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil sa bhFoirm Iarratais seo ar feadh 7 mbliana ón dáta a mbeidh an dalta 18 bliana d'aois, mura bhfuil ceanglas reachtúil ann cuid nó gach gné de na sonraí a choinneáil ar feadh tréimhse níos faide nó ar feadh tréimhse gan teorainn, mar atá leagtha amach i mBeartas Coinneála Sonraí BOO Dhún na nGall, is féidir sin a fháil ar www.donegaletb.ie

Is féidir cóip iomlán de Bheartas Coinneála Sonraí BOO Dhún na nGall a fháil ag www.donegaletb.ie nó ó oifig na scoile.

Tá sé de cheart ag duine ar bith a chuireann sonraí pearsanta ar fáil tríd an bhFoirm Iarratais seo iarratas a dhéanamh chun rochtain a fháil ar na sonraí sin. Tá sé de cheart aige/aici freisin iarratas a dhéanamh faisnéis ar bith atá mícheart go fórasach a athrú. Is féidir leis an ábhar sonraí iarratas a dhéanamh chun na sonraí a scriosadh nó is féidir sin a dhéanamh thar ceann an ábhair sonraí ach ní gheillfear chuige seo ach amháin sa chás nach bhfuil na sonraí de dhíth chun na críocha ar bailíodh iad agus sa chás nach bhfuil bunús dlí ag BOO Dhún na nGall iad a choinneáil.

Má tá gearáin agat mar ábhar sonraí maidir le próiseáil do chuid sonraí pearsanta, tá sé de cheart agat gearán a chur ar aghaidh chuig an Coimisiún um Chosaint Sonraí.